Déan do theirmiméadar féin

Coincheap—an teocht a thomhas



NASC LEIS AN gCURACLAM:

Curaclam Eolaíochta – Fuinneamh agus Fórsaí

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- Buidéal gloine
- Dathú bia
- Sop óil caol
- Marla
- Babhla
- Cairtchlár
- Peann
- Téip ghreamaitheach



1. Líon an buidéal gloine le huisce fuar agus cuir cúpla braon de dhathú bia leis.
2. Cuir tuilleadh uisce sa bhuidéal go dtéann sé thar maoil.
3. Múnlaigh roinnt marla timpeall an tsoip agus fág 10cm den sop os cionn leibhéal an mharla.
4. Sáigh an sop isteach sa bhuidéal uisce agus cuir séala ar bharr an bhuidéil leis an marla ag déanamh deimhin de nach féidir le haon aer éalú timpeall an imill.
5. Cuir an buidéal ina sheasamh i mbabhla uisce te ar feadh cúig nóiméad - ba chóir go n-ardódh leibhéal an uisce sa sop.
6. Tóg an buidéal amach as an uisce te - ba chóir go n-ísleodh leibhéal an uisce sa sop.

Ríomhann teirmiméadar teocht. Saghas teirmiméadar is ea teirmeastat a úsáidtear chun an córas teasa i bhfoirgnimh a smachtú i dtreo is go múchann an teas nuair a éiríonn sé te go leor. Is féidir a lán fuinnimh a úsáidtear do théamh a shábháil má úsáidtear teirmeastat go ciallmhar.